# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.10816 – ADNOC / ADQ / RIL / JV)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 345/05)

1. An 1 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Abu Dhabi Chemical Derivatives Company RSC Ltd ("TA'ZIZ", Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), faoi rialú comhpháirteach ag Abu Dhabi National Oil Company ("ADNOC", Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha) agus Abu Dhabi Developmental Holding Company PJSC ("ADQ", Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— Reliance Strategic Business Ventures Ltd ("RSBVL", an India), faoi rialú comhpháirteach ag Reliance Industries Limited ("RIL", an India),

— Cuideachta nuachruthaithe ("JV", Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha).

Gheobhaidh ADNOC, ADQ agus RIL rialú comhpháirteach ar lánfheidhme JV de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa fuinnimh agus peitriceimiceach é ADNOC atá gníomhach go príomha i dtaiscéalaíocht, táirgeadh, stóráil, scagadh agus dáileadh ola agus gáis, agus i bhforbairt táirgí peitriceimiceacha,

— Is cuideachta sealbhaíochta í ADQ a bhfuil infheistíochtaí díreacha agus indíreacha aici i roinnt earnálacha ar fud gheilleagar Abú Daibí, lena n-áirítear bia agus talmhaíocht, eitlíocht, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte, tionscail, lóistíocht, meáin, réadmhaoin, turasóireacht agus fáilteachas, iompar agus fóntais,

— Tá RIL gníomhach i roinnt earnálacha, lena n-áirítear Oil to Chemicals [Ola ina gCeimiceáin] (O2C) (lena n-áirítear scagadh agus margaíocht pheitriceimiceach agus peitriceimiceáin), taiscéalaíocht ola agus gáis agus táirgeadh, miondíol, meáin, seirbhísí digiteacha agus fuinneamh nua.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ar bun ag lánfheidhme úrnua JV: sóid loiscneach, déchlóiríd eitiléine ("EDC") agus clóiríd pholaivinile ("PVC") a tháirgeadh agus a dhíol i margaí áirithe.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10816 – ADNOC / ADQ / RIL / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.